



# Polasaí Earcú Foirne

SAMHAIN 2023

**Is é an polasaí earcú agus roghnú foirne a bheidh ag an eagraíocht ná:**

- Chinntiú go bhfuil nósanna imeachta earcaíochta cothrom, oscailte agus trédhearcach agus go gcomhlíonann siad an reachtaíocht fostaíochta ábhartha.
- Cinnteofar comh dheiseanna agus cothromas do fostaí. Bainfidh sé seo le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, cine, daoine den lucht siúil agus creideamh.
- Sonraíonn an polasaí seo na nósanna imeachta a leanfar nuair a bheidh fostaithe agus oibrithe deonacha á n-earcú.

Le cinntiú go mbainfear amach na haidhmeanna polasaí seo, cuirtear treoir ar fáil do gach ball den bhord agallamh i scileanna éifeachtacha agallaimh agus roghnaithe.

**Earcaíocht**

Nuair atá gá le breis baill foirne a earcú cuirtear an próiseas seo a leanas i bhfeidhm. Nuair atá folúntas ar fáil cuirfear an scéal in iúl don Bhord Stiúrtha agus gheofar cead an próiséas earcaíochta a chur i bhfeidhm Bíonn sonraí an phoist curtha le chéile. Tabharfaidh an sain chuntas poist míniú ar an bpost atá á fhógairt agus na príomhdhualgais a bhaineann leis an bpost. Ba chóir go mbeadh an oiread sin eolais agus is féidir san fhógraíocht lena chinntiú go ndírítear ar an ngrúpa earcaíochta ceart agus iarrthóirí mí-oiriúnacha a laghdú, fad 's a fhantar chomh héifeachtach agus is féidir ó thaobh costais de. San áireamh bíonn:

- Freagrachtaí an phoist
- Scileanna atá ag teastáil na tréithe a chaithfidh a bheith ag an duine
- Taithí atá ag teastáil ag an iarrathóir
- Cáilíochtaí atá ag teastáil ag an iarrathóir

As na sonraí seo bíonn fógra curtha le chéile agus socrófar na suíomh idirlíne agus na meáin shóisialta gur chóir an fógra a chur anntú, ag brath ar acmhainní agus suíomh an phoist. Leis sin bíonn an fógra curtha ar shuíomh idirlíon agus meáin shóisialta Ógras,(Facebook, Instagram, Twitter, Grúpaí Whatsapp) suíomh Peig.ie , Activelink agus An Rotha. Chomh maith le sin cuirtear an t-eolas ar aghaidh go dtí cuid de na coláistí tríú leibhéal ina bhfuil mic-léinn ag déanamh cursaí trí Ghaeilge nó Gaeilge mar ábhar, nó cúrsa in obair óige nó cúrsaí gaolmhar eile.
Bíonn na sonraí poist curtha ar suíomh Ógras agus curtha amach go hiarrthóirí a chuireann ceist i gcomhair níos mó eolais faoin bpost.

**Roghnú**

- Déanfar soiléir san fhógra go gcuirtear fáilte roimh iarratais i nGaeilge amháin agus nach mór a bheith líofa go hiomlán sa Ghaeilge
- Má bhíonn níos mó ná seacht iarrathóir cuirfear gear liosta de seachtar le chéile bunaithe ar an gcritéir a bhaineann leis an phost.
- Tugtar cuireadh do gach duine ar an ngearr-liosta teacht chuig agallamh.
- Bíonn painéal curtha le chéile chun agallamh a chur ar na hiarrthóirí. Bíonn an Stiúrthóir, Cathaoirleach Ógras agus ionadaí amháin eile ón Bhord Stiúrtha, ar an bpainéal.
- Má’s gá beidh duine amháin neamh-spléach ar an bpainéal freisin chun cothromaíocht inscne a chinntiú.
- Socrófar cé a bheas mar chathaoirleach ar an mbord agallaimh.
- Beidh réamhchruinniú ag an bpainéal chun freagrachtaí san agallamh a dháileadh amach.
- I gcás Coimhlint Leasa ag duine den phainéal is gá dóibh seasadh siar ón mBord agallamh agus duine eile a chur ina n-áit.
- Tabharfar cóip de na hiarratais don phainéal agallaimh roimh ré.
- Cuirfear liosta ceisteanna le chéile chun measúnú a dhéanamh ar na hiarrthóirí ar fad bunaithe ar inniúlachtaí, scileanna agus taithí mar atá leagtha síos sa sain chuntas poist/sonraíocht an phearsa.
- Cuirfear na ceisteanna céanna ar na hiarrthóirí ar fad.
- Tabharfar deis do gach iarrthóir faoi agallamh ceisteanna a chur nó eolas breise a iarraidh ag deireadh an agallaimh
- Má tá beirt nó níos mó ar chomh-scór agus oiriúnach don phost, cuirfear an dara hagallamh ar siúl.
- Bíonn córas marcála i bhfeidhm agus coinneofar bileog scórála ar a mbeidh na critéir a theastaíonn don phost agus an chaoi ar scóráil gach iarrthóir do gach ceist.
- Coinneofar nótaí mionsonraithe ó gach agallamh ag taispeáint cén chaoi ar tugadh na marcanna. Beidh sé sin sínithe ag gach ball den phainéal.
- Sa deireadh bíonn cinneadh déanta ag an bpainéal don iarrathóir is fearr nó muna bhfuil aon iarrathóir oiriúnach tosaíonn an próiséas earcaíocht arís.
- Dóibh siúd nár éirigh leo cuirtear ríomhphost chucu chomh luath agus is féidir.
- Is féidir leo aiseolas ó bhéal i dtaobh an agallaimh a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht faoi.

**Tar éis an agallaimh**

Déanfar teagmháil le moltóirí ar an bhfón agus ag brath ar tuairisc sásúil ó mholtóir(í) déantar na rudaí seo a leanas:

- An tuairisc cháilíochta a dheimhniú
- Déanann an Stiúrthóir i gcomhar leis an gCathaoirleach cinneadh ar an tuarastal, ag brath ar an agallamh, taithí, srl.
- Teagmháil a dhéanamh leis an iarrthóir rathúil agus sonraí maidir leis an tairiscint, an dáta tosaithe agus an chéad tuarastal
- Beidh 48 uair a chloig ar a mhéad ag an duine le cinneadh a dhéanamh maidir leis an tairiscint. Ina dhiaidh sin is féidir le hÓgras an tairiscint a tharraingt siar.
- Nuair atá duine roghnaithe is gá an cinneadh a chur os comhair Bord Stiúrtha Ógras chun gur féidir leo glacadh leis an gcinneadh go hoifigiúil.
- Glacann an tiarrthóir atá roghnaithe leis an bpost má bhíonn siad sásta leis an tuarastal agus na téarmaí eile.
- Beidh coinníoll sa chonradh fostaíochta le rá go bhfuil an tairiscint ag brath ar tuairisc sásúil ó réamhscrúdú an Gharda Síochána/Access NI Faoin Acht um mBiúró Náisiúnta Grinn fhiosrúcháin( Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2016 caithfidh gach fostaí a bhfuil post acu ina dtugtar cúram do daoine soghonta nó leanaí dul faoi Ghrinn fhiosrúcháin/ Access NI sula bhfostófaí iad.
- Cuirtear scéala chuig na hiarrthóirí eile chun a chur ar iúl dóibh nár éirigh leo. Déantar é seo trí ríomhphost a sheoladh chucu. Cuirfear aiseolas ar fáil dóibh má iarrtar é.
- Na cáipéisí cuí a sheoladh chuig an t-iarrthóir ar éirigh leo, ina measc:
    - Tairiscint fhostaíochta
    - Conradh Fostaíochta
    - Dearbhú ó thaobh úsáid na Gaeilge
    - Dearbhú Rúndachta
- Clár insealbhaithe a eagrú
- Cóip den Lámhleabhair Foirne a chur ar fáil

## Promhadh

Tosaíonn gach fostaí nua san eagraíocht le tréimhse phromhaidh sé mhí.

- Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an fhostaí leathbealaigh tríd an tréimhse phromhaidh agus arís ag deireadh na tréimhse promhaidh.

  . Is féidir síneadh a chur le tréimhsí promhaidh le déanamh suas do neamhláithreacht fhada i rith na tréimhse promhaidh.
- Cuirfear an fostaí ar an eolas i scríbhinn maidir leis an toradh ag deireadh na tréimhse promhaidh
- Caithfidh gach ball foirne an tréimhse phromhaidh atá leagtha amach ina gconradh a chomhlíonadh.

Coinneofar páipéarachas ar iarrthóirí nár éirigh leo ag an agallamh de réir riachtanais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

**Athbhreithniú polasaí**

Déanfaidh Ógras athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach trí bliana, le cinntiú go mbíonn sé nuashonraithe agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais earcaíochta na heagraíochta agus na foirne.

| **Ógras** | **Dáta Faofa:** 30 Samhain 2023 | **Dáta athbhreithnithe: Samhain 2026** |
|---|---|---|
| **Freagrach as faomhadh an pholasaí** | Bord Stiúrtha Ógras | |
| **Freagrach as cur i bhfeidhm an Pholasaí** | Stiúrthóir Ógras | |
| **Freagrach as athbhreithniú an Pholasaí** | Stiúrthóir / Cathaoirleach Ógras | |

**Síniú: Maedhbh Ní Dhónaill**
**Stiúrthóir Ógras**